



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Meitheamh 2021
(OR. en)

10130/21

UD 177
ENFOCUSTOM 100
FIN 506
JAI 772

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	9861/1/21 REV 1
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 4/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal <i>Customs controls: insufficient harmonisation hampers EU financial interests</i> [Rialuithe custaim: comhchuibhiú neamhleor ag cur isteach ar leasanna airgeadais an Aontais]

Tar éis don Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh é a fhormheas ag an gcrúinniú a bhí aici an 28 Meitheamh 2021, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 4/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Customs controls: insufficient harmonisation hampers EU financial interests* [Rialuithe custaim: comhchuibhiú neamhleor ag cur isteach ar leasanna airgeadais an Aontais].

Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 4/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

***Customs controls: insufficient harmonisation hampers EU financial interests* [Rialuithe custaim: comhchuibhiú neamhleor ag cur isteach ar leasanna airgeadais an Aontais]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

- (1) Is DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 4/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear ‘an Chúirt’ anseo feasta) dar teideal *Customs controls: insufficient harmonisation hampers EU financial interests* [Rialuithe custaim: comhchuibhiú neamhleor ag cur isteach ar leasanna airgeadais an Aontais]; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na torthaí a leagtar amach inti;
- (2) CUIREANN SÍ I dTREIS gurbh ionann, in 2019, allmhairí agus onnmhairí an Aontais le chéile tuairim is 25 % de OTI an Aontais, rud a léiríonn tionchar na trádála idirnáisiúnta ar gheilleagar an Aontais agus ar thábhacht an Aontais Chustaim; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cuid mhór de bhuiséad an Aontais¹ iad dleachtanna custaim agus gur freagracht bhunúsach ar údaráis chustaim na mBallstát í bailiú ceart éifeachtach dleachtanna custaim;
- (3) TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR mhisean údaráis chustaim na mBallstát maoirsiú a dhéanamh ar thrádáil idirnáisiúnta an Aontais agus, dá bhrí sin, gurb iad atá freagrach as cosaint leasanna airgeadais agus eacnamaíocha an Aontais agus a Bhallstát, chomh maith le slándáil agus sábháilteacht an Aontais a áirithiú, an tAontas a chosaint ar thrádáil éagórach agus neamhdhleathach agus gníomhaíocht dhlisteanach ghnó á héascú agus cothromaíocht chuí a choinneáil idir rialuithe custaim agus éascú na trádála dlisteanáí;
- (4) MEABHRAÍTEAR DI go bhféadfaidh údaráis chustaim, de bhun reachtaíocht an Aontais, aon rialuithe custaim a dhéanamh a mheasfaidh siad a bheith riachtanach i gcomhréir lena measúnú agus lena gcinneadh féin agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcomhlíonann siad a gcuid freagrachtaí cuimsitheacha iomadúla in imthosca atá an-éagsúil, d’ainneoin a gcuid acmhainní teoranta;

¹ 13 % de bhuiséad iomlán an Aontais in 2019, de réir sonraí Eurostat.

- (5) TUGANN SÍ DA hAIRE raon feidhme agus cur chuige an iniúchta a chuir an Chúirt i bhfeidhm, a scrúdaigh an creat rialála nua agus na céimeanna as a dtagann roghnú na ndearbhuithe allmhairiúcháin chun na rialuithe sin a rialú agus obair leantach a dhéanamh orthu, gur thug sí cuairt ar 5 Bhallstát, cé nár áiríodh san iniúchadh cáilíocht na rialuithe custaim ná a dtorthaí. Níor scrúdaíodh na rialuithe neamhfhioscacha ach chomh beag.
- (6) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur tharla na cuairteanna iniúcháireachta idir Deireadh Fómhair 2019 agus Eanáir 2020 agus go gcomhfhreagraíonn siad do thús chur i bhfeidhm an Chinnidh Cur Chun Feidhme maidir le Critéir agus Caighdeáin um Rioscaí Airgeadais, cé gur fhorbair an Coimisiún agus na Ballstáit ina dhiaidh sin, an doiciméad teorach chun an Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le Critéir um Rioscaí Airgeadais agus Caighdeáin a chomhlánú, agus cruthaíonn an dá dhoiciméad sin le chéile an creat chun na critéir agus caighdeáin choiteanna um rioscaí airgeadais a bhunú ionas go mbeidh sé ar chumas na mBallstát aghaidh a thabhairt ar na rioscaí airgeadais ar bhealach coibhéiseach ag teorainneacha seachtracha;
- (7) AITHNÍONN SÍ gur gá measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go leathnófaí agus go neartófaí an Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le Critéir um Rioscaí Airgeadais agus Caighdeáin agus aird á tabhairt ar réimse iomlán na n-ionstraimí atá ar fáil le haghaidh maoirseacht custaim agus na cineálacha éagsúla teorainneacha, samhlacha gnó agus sreafaí trádála atá ann;
- (8) MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle an 18 Nollaig 2020 maidir le *Taking the Customs Union to the Next Level: a Plan for Action* [An tAontas Custaim a thabhairt ar aghaidh go dtí an Chéad Leibhéal eile: Plean Gníomhaíochta]² inar IARR SÍ ar an gCoimisiún, *inter alia*, cur síos mionsonraithe a dhéanamh ar chúraimí, ar ról, ar shamhail ghnó agus ar shuí chumais anailísíochta chomhpháirteacha an Aontais chun an éifeachtúlacht a neartú a thuilleadh, agus chun breisluach a chur leis an straitéis bainistithe rioscaí; agus lena gcuirfear measúnú dlíthiúil agus airgeadais ar fáil lena n-áirítear saincheistean cosanta sonraí agus slándála sonraí, AGUS Á CHOIMEÁD I gCUIMHNE DI inniúlachtaí agus acmhainní na mBallstát agus an Choimisiúin faoi seach i réimse an bhainistithe riosca agus an rialaithe;
- (9) ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá dlúthchomhar leis na Ballstáit agus cumais anailísíochta chomhpháirteacha an Aontais á bhforbairt;

² 14292/ 20.

- (10) AITHNÍONN SÍ an gá atá le hanailís a dhéanamh ar rioscaí ó thaobh an Aontais de, lena n-áirítear anailís ar shreafaí trádála agus ar sheiceálacha inchreidteachta;
- (11) I gcomhthéacs na straitéise nua bainistithe riosca a bheidh ann amach anseo, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an tábhacht fhoriomlán a bhaineann le comhar agus comhroinnt faisnéise a neartú idir na Ballstáit agus an Coimisiún, agus caomhnú solúbthachta de bharr éagsúlachtaí amhail suíomh geografach, cineálacha teorainneacha agus sreafaí trádála agus dóchúlacht agus tionchar féideartha an riosca á gcur san áireamh san am céanna;
- (12) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an saineolas agus na huirlisí a d'fhorbair na Ballstáit, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, laistigh de thionscadail chomhpháirteacha amhail CELBET (Foireann Saineolaithe Theorainneacha Talún an Oirthir agus an Oirdheiscirt), i ndáil leis na cumais anailísíochta chomhpháirteacha agus leis an straitéis nua bainistithe riosca a chur san áireamh;
- (13) AITHNÍONN SÍ gur gá leanúint d'uirlisí TF bainistithe riosca a fhorbairt, agus sa chomhthéacs sin, MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i ndáil le Straitéis agus Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Bainistiú Rioscaí Custaim a Chur Chun Feidhme³ inar cuireadh i bhfios go láidir gur gá na córais leictreonacha a sholáthar dá bhforáiltear le Cód Custaim an Aontais ar bhealach tráthúil chun go bhféadfaidh lucht riaracháin chustaim rioscaí airgeadais agus slándála a bhainistiú agus an trádáil á héascú acu;
- (14) AITHNÍONN SÍ gur ghlac an Coimisiún leis an dá mholadh ón gCúirt Iniúchóirí, agus go bhfuil sé tiomanta iad a chur chun feidhme agus TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún comhoibriú go dlúth leis na Ballstáit ina leith seo;
- (15) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus le rioscaí neamhfhioscacha, agus cothromaíocht chuí a choinneáil idir rialuithe éifeachtúla éifeachtacha agus simpliú trádála.

³ 15497/18.